

Aidhmeanna:

Is é príomhaidhm obair bhaile ná cur leis an obair déanta sa rang. Cuireann sí go mór le measúchán leanúnach an mhúinteora ar dhul chun cinn achan scoláire. Bheireann sí deis fosta do thuismitheoirí suim a chur, agus bheith freagrach as obair a bpáiste. Tá sé tábhachtach go spreagtar scoláirí chun oibre neamhspleách, ionas go gcuirtear leis an ábhar a rinneadh sa rang agus le scileanna pearsanta staidéir a fhorbairt.

Treoracha Ginearálta:

An chéad bhliain = (thart fá) Uair go leith sa tseachtain.

An dara bliain = (thart fá) Uair go leith sa tseachtain.

An tríú bliain (gnáth) = (thart fá) Uair go leith sa tseachtain.

An tríú bliain (ard) = (thart fá) Dhá uair sa tseachtain.

Idirbhliain = (thart fá) Uair go leith sa tseachtain.

An ceathrú bliain (gnáth) = (thart fá) Dhá uair sa tseachtain.

An ceathrú bliain (ard) = (thart fá) Dhá uair go leith sa tseachtain.

An cúigiú/séú bliain (gnáth) = (thart fá) Dhá uair go leith sa tseachtain.

An cúigiú/séú bliain (ard) = (thart fá) Trí uair sa tseachtain.

Cineál Oibre:

Chomh fada agus is féidir, is fearr ceithre phíosa obair bhaile a thabhairt in aghaidh na seachtaine. Tugtar obair scríofa agus Gaeilge le foghlaim. Tagann an chuid is mó dena ceachtanna scríofa ó chibé leabhar atá in úsáid. Ó thaobh na hoibre foghlamtha de, tugtar foclóir, litriúcháin, briathra agus abairtí le cur de ghlanmheabhair. Do na ranganna ardleibhéil, tugtar aistí le foghlaim chomh maith ó am go chéile. Tá sé tábhachtach go gcuirtear béim mhór ar an obair foghlamtha, mar sin é an t-ábhar ar a mbrathann na scoláirí sna scrúdaithe stáit. Don idirbhliain tugtar ról-imirtí le cumadh suas in amanna, mar déanann siadsan cuid mhór Gaeilge labhartha.

Nótaí a Ghlactar:

Is fearr nótaí a choinnilt ar chibé ceachtanna a thugtar mar obair bhaile. Chomh maith leis sin, déantar nótaí ar chibé torthaí a fhaigheann achan scoláire ag scrúdaithe na Nollag, scrúdaithe na Cásca, scrúdaithe an tSamhraidh, agus na réamhscrúdaithe uilig.

Gaeilge a Fheabhsú:

Tugtar am in achan uile rang do cheisteanna ó na scoláirí. Ní ghlactar le hobair gan iarracht chuíosach bheith déanta. Ceartaítear achan ceacht, idir obair bhaile agus obair ranga, sa rang le chéile. Moltar do na scoláirí admháil nach dtuigeann siad nuair nach dtuigeann siad. Moltar dóibh fosta léamh fríd a gcuid oibre sula dtugann siad suas í. Déantar cinnte go bhfuil na ceisteanna ar eolas ag na scoláirí (Cé? Cá? Cén fáth? Cá fhad? srl.). Déantar cinnte go mbaineann na scoláirí úsáid mar is ceart as a ndialann obair bhaile.

Múintear gramadach gach téarma:

An chéad bhliain - An aimsir chaite sa chéad téarma, an aimsir láithreach sa dara téarma, an aimsir fháistineach sa tríú téarma.

Achan rang eile - Athbhreithniú ar an triúr, ar an dóigh céanna.

Sonraí Ginearálta:

- Tugtar go leor ama ag deireadh an ranga leis an obair bhaile a mhíniú. Más féidir, tugtar í i lár an ranga, nó fiú ag tús an ranga.
- Glactar i gcónaí le hiarracht mhaith. Glactar chomh maith le nóta ó thuismitheoir ag gábháil leithscéil mar nach raibh a pháiste ábalta an obair a dhéanamh, ach go ndearna sé a dhícheall.
- Is fiú míniú do na scoláirí conas is fearr rudaí a chur de ghlanmheabhair, agus staidéar a dhéanamh.
- Tugtar liosta achan téarma ag briseadh síos ábhar na scrúdaithe.
- Scríobhtar i ndialann an scoláire muna ndéantar obair bhaile.
- Déantar iarracht éagsúlacht a chur sna ceachtanna a thugtar mar obair bhaile.

Cur Chuige:

Tá sé riachtanach go nglacann na scoláirí dáiríre aon ceachtanna a thugtar mar obair bhaile. Cuidíonn sé leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú. Tá sé tábhachtach go ndéanann siad a ndícheall i gcónaí. I gcoitinne, muna dtaitníonn an Ghaeilge leo, baineann sé le cé chomh cumasach is atá siad. Má éiríonn leo a gcuid Gaeilge a fheabhsú, tagann feabhas fosta ar a ndearcadh mar gheall uirthi.